**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 30 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tallinna Halduskohus – an Eastóin) – Aktsiaselts M.V.WOOL v Põllumajandus- ja Toiduamet**

**(Cás C-51/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Dlí an bhia – Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 – Critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia – Airteagal 3(1) – Oibleagáidí oibreoirí gnó bia – Iarscríbhinn I – Pointe 1.2 de Chaibidil 1 – Luachanna teorann maidir le Listeria monocytogenes a bheith i dtáirgí éisc sula gcuirtear ar an margadh iad agus tar éis iad a chur ar an margadh – Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 – Airteagal 14(8) – Rialuithe oifigiúla ar an táirge ag an gcéim a chuirtear ar an margadh é – Raon feidhme)***

(2022/C 318/09)

*Teanga an cháis: an Eastóinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tallinna Halduskohus

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Aktsiaselts M.V.WOOL

*Cosantóir:* Põllumajandus- ja Toiduamet

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór forálacha comhcheangailte Airteagal 3(1) agus pointe 1.2 de Chaibidil 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia, arna leasú le Rialachán (AE) 2019/229 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2019, a léirmhíniú mar ní a chiallaíonn, i gcás nach bhfuil an monaróir in ann a thaispeáint, chun sástacht an údaráis inniúil, nach saróidh earraí bia, le linn a seilfré, an teorainn de 100 aonad déanta coilíneachta/gram (g), maidir le láithreacht Listeria monocytogenesa, nach bhfuil feidhm ag an teorainn lena gceanglaítear neamhláithreacht bhraite de Listeria monocytogenes in 25 g den táirge bia lena mbaineann, dá bhforáiltear i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn I, maidir le hearraí bia a cuireadh ar an margadh le linn a seilfré.

([1]) IO C 128, 12.04.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an Dara Dlísheomra) an 30 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Mokestinių ginčų komisija prie Lietuvos Respublikos vyriausybės – an Liotuáin) – UAB "ARVI" ir ko v Valstybinė mokesčių inspekcija prie Lietuvos Respublikos finansų ministerijos**

**(Cás C-56/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 137 – Scéim dliteanais cánach roghnach – Coinníollacha – Reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear de choinníoll ar cheart an duine inchánach chun rogha a dhéanamh CBL a ghearradh ar dhíol maoine dochorraithe go n-aistreofar an mhaoin sin chuig duine inchánach atá cláraithe cheana chun críocha CBL – Oibleagáid asbhaintí CBL a choigeartú i gcás nach gcomhlíontar an coinníoll sin – Prionsabail na neodrachta cánach, na héifeachtachta agus na comhréireachta)***

(2022/C 318/10)

*Teanga an cháis: an Liotuáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Mokestinių ginčų komisija prie Lietuvos Respublikos vyriausybės

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* UAB "ARVI" ir ko

*Cosantóir:* Valstybinė mokesčių inspekcija prie Lietuvos Respublikos finansų ministerijos

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Airteagal 135 agus Airteagal 137 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a léirmhíniú sa chaoi nach gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear de choinníoll ar cheart duine inchánach rogha a dhéanamh cáin bhreisluacha (CBL) a ghearradh ar dhíol maoine dochorraithe go n-aistreofar an mhaoin sin chuig duine inchánach atá, agus an t-idirbheart sin á chur i gcrích, cláraithe cheana chun críocha CBL.

2) Ní mór forálacha Threoir 2006/112 mar aon le prionsabail na neodrachta cánach, na héifeachtachta agus na comhréireachta a léirmhíniú sa chaoi nach gcuirtear bac ar reachtaíocht náisiúnta ná ar chleachtas náisiúnta faoina gceanglaítear ar an díoltóir maoine dochorraithe an asbhaint ar an gcáin bhreisluacha arna híoc roimhe sin ar an tsócmhainn sin a choigeartú tar éis diúltú dó an ceart chun rogha cánach i ndáil leis an díol sin ar an gcúis nár chomhlíon an ceannaitheoir, ar dháta an díola, na coinníollacha a leagadh síos chun go bhféadfadh an díoltóir an ceart sin a fheidhmiú. Cé nach mbaineann úsáid iarbhír na maoine dochorraithe atá i gceist ag an gceannaitheoir i dtaca le gníomhaíochtaí atá faoi réir CBL le hábhar i ndáil leis sin, ceanglaítear ar na húdaráis inniúla, mar sin féin, a fháil amach ar tharla calaois nó mí-úsáid ar thaobh an duine inchánach a raibh sé ar intinn aige a cheart chun rogha cánach a fheidhmiú i ndáil leis an idirbheart atá i gceist.

(1) IO C 128, 12.04.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 30 Meitheamh 2022 – Laure Camerin v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-63/21 P)** (1)

***(Achomharc – Státseirbhís – Iaroifigeach – Asbhaintí ón bpinsean scoir – Cinneadh ó chúirt náisiúnta a fhorfheidhmiú – Caingean le haghaidh neamhniú agus cúitimh)***

(2022/C 318/11)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Laure Camerin (ionadaí: M. Casado García-Hirschfeld, avocate)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: T.S. Bohr agus D. Milanowska, i gcáil Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Laure Camerin a costais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc.

(1) IO C 228, 14.06.2021

---